



Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission

## AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

AISTRIÚCHÁN  
AR SCÉIM MHARCÁLA

MATAMAITIC

BONNLEIBHÉAL





**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
*State Examinations Commission*

# **AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008**

## **AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA**

**MATAMAITIC**

**BONNLEIBHÉAL**



# *Clár*

*Leathanach*

TREOIRLÍNTÉ GINEARÁLTA DO SCRÚDAITHEOIRÍ – PÁIPÉAR 1 .....	2
CEIST 1.....	4
CEIST 2.....	14
CEIST 3.....	19
CEIST 4.....	26
CEIST 5.....	30
CEIST 6.....	33
CEIST 7.....	36
TREOIRLÍNTÉ GINEARÁLTA DO SCRÚDAITHEOIRÍ – PÁIPÉAR 2 .....	40
CEIST 1.....	41
CEIST 2.....	43
CEIST 3.....	45
CEIST 4.....	47
CEIST 5.....	49
CEIST 6.....	51
CEIST 7.....	53
CEIST 8.....	56
MARCANNA BREISE AS UCHT FREAGAIRT TRÍ GHAEILGE .....	59





**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
*State Examinations Commission*

# **AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008**

**AISTRIÚCHÁN  
AR SCÉIM MHARCÁLA**

**MATAMAITIC – PÁIPÉAR 1**

**BONNLEIBHÉAL**



**SCÉIM MHARCÁLA  
SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2008**

**MATAMAITIC – BONNLEIBHÉAL – PÁIPÉAR 1**

**TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA DO SCRÚDAITHEOIRÍ – PÁIPÉAR 1**

1. Cuirtear trí chineál pionóis i bhfeidhm ar obair iarrthóirí mar a leanas:

- Botún - earráidí matamaiticiúla/ábhar fágtha ar lár (-3)
- Sciorradh - earráidí uimhriúla (-1)
- Míléamh - (ar choinníoll nach ndéantar róshimpliú ar an tasc) (-1).

Na hearráidí a tharlaíonn go minic agus nach mór na pionóis seo a chur i bhfeidhm orthu, tá siad liostaithe sa scéim. Seo a leanas na lipéid atá orthu: B1, B2, B3,..., S1, S2,..., M1, M2,...etc. Ní liostaí ionlána iad seo.

2. Le linn marcanna a thabhairt i leith iarrachtaí e.g. Iarr 3, tabhair an méid seo a leanas do d'aire:
- aon chéim *cheart, ábhartha* i gcuid de cheist, tuilleann an chéim sin, ar a laghad, an marc i leith na hiarrachta atá ag gabháil leis an gcuid sin
  - más rud é go bhfágann asbhaintí go bhfuil marc áirithe níos ísle ná an marc i leith na hiarrachta, ansin ní mór an marc i leith na hiarrachta a thabhairt
  - ní thugtar marc idir nialas agus an marc i leith iarrachta riamh.
3. Tugtar nialas d'obair gan fiúntas. Tá roinnt samplaí d'obair den sórt sin liostaithe sa scéim agus na lipéid W1, W2, .. etc. orthu.
4. Ciallaíonn an frása “aimsíú nó ionrall” nach dtugtar marcanna páirteacha – faigheann an t-iarrthóir na marcanna ábhartha go léir nó ní fhaigheann sé/sí marcanna ar bith.
5. Ciallaíonn an frása “agus stopann sé/sí” nach léiríonn an t-iarrthóir aon obair fhiúntach eile.
6. Is ionann réiltín agus a rá go bhfuil nótaí speisialta ann a bhaineann le marcáil cuid áirithe de cheist. Tá na nótaí sin le fáil díreach i ndiaidh an bhosca ina bhfuil an réiteach ábhartha.
7. Níl sé i gceist gur liostaí ionlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d’fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chur chuige a ghlaicann aon iarrthóir ar leith i gcás aon cheiste, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.
8. Mura rud é go léirítear a mhalairt sa scéim, glac leis an gceann is fearr de dhá iarracht nó níos mó – fiú amháin i gcás iarrachtaí a cealaíodh.
9. Ní ghearrtar pionós ar an earráid *chéanna* sa chuid *chéanna* de cheist ach *aon uair amháin*.
10. Marcanna i leith iarrachta ar a mhéad is ceart a thabhairt i gcásanna áirithe, fíoruithe agus freagraí a thig ó léaráidí.
11. Tugtar an marc i leith iarrachta, ar a mhéad, i gcás botún, ábhar ar lár nó míléamh a bheadh tromchúiseach.
12. Ná gearr pionós as camóg a úsáid in ionad lánstad e.g. is féidir €5,50 a scríobh in ionad €5.50.

# NÓTAÍ MAIDIR LE FEIDHMIÚ NA SCÉIME, A.T.B.L. PÁIPÉAR MATAMAITICE 1

## Ceist 1

- Earráid i ríomh na deachúla: Botún (-3).
- Pointe deachúlach a chur san áit mhícheart nuair a bhíonn uimhir á haistriú ar aghaidh i gceist. [Earráid in aistriú na deachúla]: Sciorradh (-1).
- Sciorrthaí uimhríochta (-1), má léirítéar áireamh de láimh, go huasmhéid (-3) i ngach oibríocht.
- Slánú mícheart nó é a bheith fágtha ar lár: Botún (-3).
- Míléamh, tagraíonn sé do mhíléamh ar an gceist nach ndéanann róshimpliú ar an bhfadhb. Ní mór an míléamh a bheith soiléir agus sofheicthe.
- Aonaid atá mícheart nó fágtha ar lár (ach amháin aonaid airgid): Sciorradh (-1) i leith gach ceiste.

## Gach Aon Cheist Eile

- Earráid i ríomh na deachúla: Sciorradh (-1).
- Pointe deachúlach a chur san áit mhícheart nuair a bhíonn uimhir á haistriú ar aghaidh i gceist. [Earráid in aistriú na deachúla]: Sciorradh (-1).
- Sciorrthaí uimhríochta (-1), má léirítéar áireamh de láimh, suas le huasmhéid (-3) i ngach oibríocht.
- Slánú mícheart nó é a bheith fágtha ar lár: Sciorradh (-1).
- Míléamh, tagraíonn sé do mhíléamh ar an gceist nach ndéanann róshimpliú ar an bhfadhb. Ní mór an míléamh a bheith soiléir agus sofheicthe.
- Aonaid atá mícheart nó fágtha ar lár (ach amháin aonaid airgid): Sciorradh (-1) i leith gach ceiste.
- Má ghlactar freagra gan fiúntas as cuid amháin de cheist lena úsáid i gcuid eile den cheist sin, ansin is é an marc i leith na hiarrachta, ar a mhéad, is féidir a thabhairt ar an gcuid sin.

**Nótáil:** Cásanna áirithe a luaitear laistigh den scéim, glacann siad tosaíocht ar na nótáí thus:  
e.g. má ghlactar  $\sqrt{87 \cdot 32}$  mar  $\sqrt{873 \cdot 2}$ , déileáltear leis mar Bhotún (-3), agus ní mar Mhíléamh (-1), laistigh den scéim.

## CEIST 1

Gach Cuid	10 marc	Iarr 4
Cuid (i)	10 marc	Iarr 4
<p>(i) Faigh <math>\sqrt{87 \cdot 32}</math>, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.</p>		
(i)	10 marc	Iarr 4

(i)  $\sqrt{87 \cdot 32} = 9 \cdot 34451\dots = 9 \cdot 34$

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

*Botúin (-3)*

B1  $\sqrt{8732} = [93 \cdot 44517\dots] = 93 \cdot 45$ .

B2  $\sqrt{873 \cdot 2} = [29 \cdot 54995\dots] = 29 \cdot 55$ .

B3  $\sqrt{8 \cdot 732} = [2 \cdot 954995\dots] = 2 \cdot 95$ .

B4  $\sqrt{0 \cdot 8732} = [0 \cdot 934451\dots] = 0 \cdot 93$ .

B5 Fréamh seachas an fhréamh chearnach atá léirithe, agus a oibríodh i gceart.  $\sqrt[3]{87 \cdot 32} = 4 \cdot 44$ .

B6 Slánú mícheart nó é a bheith fágtha ar lár

*Míléamha (-1)*

M1  $\sqrt{87 \cdot 23} = [9 \cdot 33970\dots] = 9 \cdot 34$ .

M2  $\sqrt{78 \cdot 23} = [8 \cdot 84477\dots] = 8 \cdot 84$ .

M3  $\sqrt{78 \cdot 32} = [8 \cdot 84985\dots] = 8 \cdot 85$ .

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1  $(87 \cdot 32)^2 = 7624 \cdot 78(24)$ .

A2  $\frac{87 \cdot 32}{2} = 43 \cdot 66$ .

A3  $(87 \cdot 32) \times 2 = 174 \cdot 64$ .

A4 Obair i mbun freagra a mheasúnú:  $\sqrt{87 \cdot 32} = 9$ .

A5 Aon iarracht i mbun fréamh eile a fháil nó a mheasúnú leis an obair a léiríodh.

A6 Figiúr mícheart a shlánaítear i gceart, go dtí dhá ionad dheachúlacha.

A7 Aon fhreagra eile amhail B1, B2, B3 agus B4 ach pointe deachúlach a bheith san áit mhícheart agus gan aon obair léirithe.

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagraí míchearta agus gan obair leo, seachas na cinn sin atá sa scéim.

(ii) Faigh an luach beacht ar  $(4 \cdot 2)^2 - (3 \cdot 6)^2$ .

(ii)

10 marc

Iarr 4

$$(ii) \quad (4 \cdot 2)^2 - (3 \cdot 6)^2 = 17 \cdot 64 - 12 \cdot 96 = 4 \cdot 68.$$

**nó**

$$(4 \cdot 2 + 3 \cdot 6)(4 \cdot 2 - 3 \cdot 6) = (7 \cdot 8)(0 \cdot 6) = 4 \cdot 68.$$

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

*Botúin (-3)*

B1  $\sqrt{4 \cdot 2} - \sqrt{3 \cdot 6} = 2 \cdot 04939\dots - 1 \cdot 897366\dots = 0 \cdot 152023\dots$

B2  $(42)^2 - (36)^2 = 1764 - 1296 = 468.$

B3  $(0 \cdot 42)^2 - (0 \cdot 36)^2 = 0 \cdot 1764 - 0 \cdot 1296 = 0 \cdot 0468.$

B4 Botún ó thaobh tosaíochta de lena dtugtar  $(0 \cdot 6)^2 = 0 \cdot 36..$

B5 Níor aimsíodh an fhréamh chearnach, gach aon uair.

B6  $(4 \cdot 2 \times 10^2) - (3 \cdot 6 \times 10^2) = 420 - 360 = 60.$

B7 Aon slánú mícheart laistigh den oibriú. (Aon uair amháin).

B8 An dealú fágtha ar lár.

B9  $17 \cdot 64 + 12 \cdot 96 = 30 \cdot 6$

*Míléamha (-1)*

M1  $(2 \cdot 4)^2 - (3 \cdot 6)^2 = 5 \cdot 76 - 12 \cdot 96 = -7 \cdot 2.$

M2  $(4 \cdot 2)^2 - (6 \cdot 3)^2 = 17 \cdot 64 - 39 \cdot 69 = -22 \cdot 05.$

M3  $(2 \cdot 4)^2 - (6 \cdot 3)^2 = 5 \cdot 76 - 39 \cdot 69 = -33 \cdot 93.$

*Sciorrháí (-1)*

S1 Earráidí uimhriúla.

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1  $(4 \cdot 2 \times 2) - (3 \cdot 6 \times 2) = 8 \cdot 4 - 7 \cdot 2 = 1 \cdot 2.$

A2  $\frac{4 \cdot 2}{2} - \frac{3 \cdot 6}{2} = 2 \cdot 1 - 1 \cdot 8 = 0 \cdot 3.$

A3 Obair ar an bhfreagra a mheas: e.g.  $16 - 9 = 7.$

A4 Aon fhreagraí eile, mar a chéile le B1, B2, B3 agus B4, B6 ach an pointe deachúil san áit mícheart agus gan aon obair ar taispeáint

*Gan fiúntas (0 marc)*

W1 Freagraí míchearta agus gan obair leo, seachas na cinn sin atá sa scéim.

Cuid (iii)	10 marc	Iarr 4
(iii) $Faigh (3 \cdot 1)^2 - \frac{1}{(3 \cdot 1)}$ , ceart go dtí ionad deachúlach amháin.		

(iii)	10 marc	Iarr 4
(iii) $(3 \cdot 1)^2 - \frac{1}{(3 \cdot 1)} = 9 \cdot 61 - 0 \cdot 322580\dots = 9 \cdot 28741\dots = 9 \cdot 3$		

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

### Botúin (-3)

B1  $\sqrt{3 \cdot 1} - \frac{1}{3 \cdot 1} = 1 \cdot 7606\dots - 0 \cdot 32258\dots = 1 \cdot 43802\dots = 1 \cdot 4$

B2  $(31)^2 - \frac{1}{3 \cdot 1} = 961 - 0 \cdot 32258\dots = 960 \cdot 67742 = 960 \cdot 7.$

B3  $(3 \cdot 1)^2 - \frac{1}{31} = 9 \cdot 61 - 0 \cdot 032258\dots = 9 \cdot 5777 = 9 \cdot 6.$

B4  $(31)^2 - \frac{1}{31} = 961 - 0 \cdot 032258\dots = 960 \cdot 967\dots = 961$

B5  $(0 \cdot 31)^2 - \frac{1}{3 \cdot 1} = 0 \cdot 0961 - 0 \cdot 32258\dots = -0 \cdot 22648\dots = -0 \cdot 2.$

B6  $(0 \cdot 31)^2 - \frac{1}{0 \cdot 31} = 0 \cdot 0961 - 3 \cdot 2258\dots = -3 \cdot 1297 = -3 \cdot 1.$

B7 Níor aimsíodh an fhréamh.

B8 Níor aimsíodh an deilín.

B9 Gan aon dealú.

B10 Earráid ó thaobh tosaíochta e.g.  $[(3 \cdot 1)^2 - 1] \div 3 \cdot 1 = 2 \cdot 7774\dots = 2 \cdot 8$

B11 Slánú mícheart nó é a bheith fágtha ar lár.

### Míléamha (-1)

M1  $(1 \cdot 3)^2 - \frac{1}{3 \cdot 1} = 1 \cdot 69 - 0 \cdot 32258\dots = 1 \cdot 367\dots = 1 \cdot 4.$

M2  $(3 \cdot 1)^2 - \frac{1}{1 \cdot 3} = 9 \cdot 61 - 0 \cdot 7692\dots = 8 \cdot 8408 = 8 \cdot 8.$

M3  $0 \cdot 322580 - 9 \cdot 61 = -9 \cdot 28741 = -9 \cdot 3$

### Sciorrthaí (-1)

S1 Earráidí uimhriúla.

### Iarrachtaí (4 mharc)

A1 Obair i mbun an freagra a mheasúnú: e.g. 9 nó 0 · 3333.

A2 Aon fhreagraí eile amhail B2, B3, B4, agus B5 ach an pointe deachúlach a bheith san áit mhícheart agus gan aon obair léirithe.

### Gan Fiúntas (0 marc)

W1 Freagraí míchearta agus gan obair leo, seachas na cinn sin atá sa scéim.

**Cuid (iv)****10 marc****Iarr 4**

(iv) Faigh an luach beacht ar  $17 \cdot 2 - 6.4 \times 2 \cdot 81$

(iv)

**10 marc**

**Iarr 4**

$$(iv) \quad 17 \cdot 2 - 6 \cdot 4 \times 2 \cdot 81 = 17 \cdot 2 - 17 \cdot 984 = -0 \cdot 784$$

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

*Botúin (-3)*

B1 Earráid ó thaobh tosaíochta:  $10 \cdot 8 \times 2 \cdot 81 = 30 \cdot 348$ .

B2 Aon chéim atá fágtha ar lár.

B3 Léirítar gur úsáideadh an t-oibreoir mícheart nó na hoibreoirí míchearta. (Aon uair amháin.)

*Míléamha (-1)*

M1 Míléamh uimhriúil atá soiléir sofheicthe nach mbaineann leis an bpointe deachúlach.

M2 Tugtar an freagra mar  $+0 \cdot 784$

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1 Léirítar leagan amach difriúil ar na huimhreacha agus oibrítear amach i gceart iad.

A2 Obair i mbun an freagra a mheasúnú: e.g.  $17 - 6 \times 3 = -1$  or 33

A3 Obair i dtreo céime áirithe atá ceart: e.g. iolrú fada tosaithe.

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagraí míchearta agus gan obair leo, seachas na cinn sin atá sa scéim.

- (v) Tá 500 suíochán i bpictiúrlann. Oíche amháin bhí 200 suíochán folamh. Cén céatadán de na suíocháin a bhí gafa?

(v)

10 marc

Iarr 4

*Modh 1*

$$(v) 500 - 200 = 300 \Rightarrow \frac{300}{500} \times 100 = 60\% : \frac{200}{500} \times 100 = 40\% \Rightarrow 100\% - 40\% = 60\%.$$

*Modh 2*

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

### *Botúin (-3)*

#### Modh 1

B1 Mícheart nó gan aon dealú.

B2 Earráid(i) i dtaca le  $\frac{300}{500} \times 100$  a shuíomh [Ní mór na trí mhír a bheith ann. Mura bhfuil, Iarracht agus sin uile.]

B3 Freagra atá mícheart nó neamhiomlán nó gan aon fhreagra tugtha. [Úsáid freagra an iarrthóra ón méid sin thusas.]

#### Modh 2

B1 Earráid(i) i dtaca le  $\frac{200}{500} \times 100$ . [Ní mór na trí mhír a bheith ann. Mura bhfuil, Iarracht agus sin uile.]

B2 Freagra atá mícheart nó neamhiomlán nó gan aon fhreagra tugtha. [Úsáid freagra an iarrthóra ón méid sin thusas.]

B3 Mícheart nó gan aon dealú. [Úsáid freagra an iarrthóra ón méid sin thusas.]

.

### *Iarrachtaí (4 mharc)*

A1 Tugtar  $\frac{300}{500}$  nó  $\frac{500}{300}$  amháin.

A2 Tugtar  $\frac{200}{500}$  nó  $\frac{500}{200}$  amháin.

A3  $500 - 200 = 300$  agus stopann.

### *Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagraí míchearta agus gan obair leo, seachas na cinn sin atá sa scéim.

**Cuid (vi)**

**10 marc**

**Iarr 4**

- (vi) Agus tú ag glacadh leis an ráta malaire €1 = 9·272 Krona Sualannach, faigh an luach ina euro ar 700 Krona Sualannach.

**(vi)**

**10 marc**

**Iarr 4**

(vi) 
$$\frac{700}{9 \cdot 272} = 75 \cdot 49611734 = [\text{€}75\cdot5]$$

- \* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.  
\* Glac le céim shlánaithe an iarrthóra.

*Botúin (-3)*

B1  $700 \times 9 \cdot 272 = 6490 \cdot 4$

B2  $\frac{700}{0 \cdot 09272} = 7549 \cdot 611734$ , ach amháin sa chás go dtugtar an freagra mar 7549·611734 cent.

*Sciorrháí (-1)*

S1 Tugtar an freagra ina cent.

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1 Baintear úsáid áirithe as na sonraí a tugadh.

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagraí míchearta agus gan obair leo, seachas na cinn sin atá sa scéim.

**Cuid (vii)****10 marc****Iarr 4**

- (vii) Roinneadh duais €300 idir an chéad áit agus an dara háit sa chóimheas 3:2.  
Cé mhéad a fuair gach duine?

**(vii)****10 marc****Iarr 4**

$$\begin{array}{lll}
 \text{(vii)} & 
 \begin{array}{l}
 \begin{array}{l} 3 : 2 \\ \Rightarrow \frac{300}{5} = 60 \end{array} \quad \text{nó} \quad \begin{array}{l} 3 + 2 = 5 \\ \frac{1}{5} = 60 \end{array} \\
 \begin{array}{l} 1^{st} = 60 \times 3 = €180 \\ 2^{nd} = 60 \times 2 = €120 \end{array} \quad \begin{array}{l} \frac{3}{5} = €180(1^{st}) \\ \Rightarrow 300 - 180 = €120(2^{nd}). \end{array}
 \end{array} & 
 \begin{array}{l}
 \begin{array}{l} 3x : 2x \\ \Rightarrow 5x = 300 \end{array} \quad \text{nó} \quad \begin{array}{l} \Rightarrow x = 60 \\ \Rightarrow 3x = €180(1^{st}) \\ \Rightarrow 2x = €120(2^{nd}). \end{array}
 \end{array}
 \end{array}$$

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

*Botúin (-3)*

- B1 Roinnteoir  $\neq 5$  amháin agus leanann ar aghaidh.  
 B2 Iolraitheoir mícheart nó cliseann air/uirthi iolrú. (Gach uair).  
 B3 Earráid sa trasuíomh.  
 B4 Cliseann air/uirthi an dara méid a fháil.  
 B5 Suimiú in ionad dealú e.g.  $300 + 180 = 480$ .

*Iarrachtaí (4 mharc)*

- A1 Roinnteoir  $\neq 5$  e.g.  $\frac{300}{3}$  agus /nó  $\frac{300}{2}$  agus stopann.  
 A2 Léiríonn 5 Chuid nó 3 Chuid nó 2 Chuid nó  $\frac{3}{5}$  nó  $\frac{2}{5}$  nó  $3 + 2 = 5$  agus stopann.  
 A3 Léiríonn iolrú 300 faoi 3 agus/nó 2 agus stopann.

*Gan Fiúntas (0 marc)*

- W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

Cuid (viii)

10 marc

Iarr 4

(viii) Faigh an luach beacht ar  $\frac{167 \cdot 3}{\sqrt{12 \cdot 25}}$ .

(viii)

10 marc

Iarr 4

(viii)  $\frac{167 \cdot 3}{\sqrt{12 \cdot 25}} = \frac{167 \cdot 3}{3 \cdot 5} = 47 \cdot 8 = 47.8$

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

*Botúin (-3)*

B1  $\frac{167 \cdot 3}{\sqrt{12 \cdot 25}} = \frac{167 \cdot 3}{(12 \cdot 25)^2} = \frac{167 \cdot 3}{150 \cdot 0625} = 1.114868\dots$

B2  $167 \cdot 3 \times 3.5 = 585.55$ .

B3  $\frac{167.3}{3.5}$  agus stopann.

*Míléamha (-1)*

M1 Míléamh soiléir sofheicthe nach mbaineann leis an bpointe deachúlach.

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1  $\sqrt{12 \cdot 25} = 12 \cdot 25 \times 2 = 24 \cdot 5\dots$

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

Cuid (ix)	10 marc	Iarr 4
(ix) Faigh $\frac{(5 \cdot 78 \times 10^9) - (3 \cdot 46 \times 10^5)}{4 \cdot 32 \times 10^4}$	, ceart go dtí trí fhigiúr bhunúsacha.	

(ix)	10 marc	Iarr 4
(ix) $\frac{5 \cdot 779654 \times 10^9}{4 \cdot 32 \times 10^4} = 1 \cdot 33788287 \times 10^5 = 133788 \cdot 287 = 134000.$		
Nó $\frac{5780000000 - 346000}{43200} = \frac{5779654000}{43200} = 133788 \cdot 287 = 134000.$		

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

### *Botúin (-3)*

- B1 Earráid ó thaobh tosaíochta de.
- B2 Gach céim atá fágtha ar lár nó mícheart mura léir gur sciorrthaí iad
- B3 Deachúil san áit mhícheart nó ord mícheart méadaíochta gach uair.
- B4 Inbhéartaíonn an codán deiridh agus tugann  $0 \cdot 000007474\dots$  mar fhreagra.
- B5 Aon slánú mícheart laistigh den oibriú. (Aon uair amháin).
- B6 Léirítear úsáid an oibreora mhícheart nó na n-oibreoirí míchearta. (Aon uair amháin).
- B7  $\frac{5779654000}{43200}$  agus stopann.
- B8 An freagra gan a bheith ceart go dtí trí fhigiúr bhunúsacha.

### *Sciorrthaí (-1)*

- S1 Earráidí uimhriúla.

### *Iarrachtaí (4 mharc)*

- A1 Déileáiltear le  $10^9$  mar 90, déileáiltear le  $10^5$  mar 50 agus/nó le  $10^4$  mar 40.
- A2 Obair áirithe i dtreo meastacháin..
- A3 Déileáiltear le  $10^9$  mar  $10 \times 10 \times 10$ , agus/nó ar an gcaoi chéanna le  $10^5$  agus le  $10^4$ .
- A4 Déantar slánú ceart, go dtí trí uimhir bhunúsacha, ar uimhir mhícheart.

### *Gan Fiúntas (0 marc)*

- W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

Cuid (x)

10 marc

Iarr 4

- (x) Faigh  $\frac{47 \cdot 3 - 8 \cdot 9}{3 \cdot 25 \times 1 \cdot 47}$ , ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

(x)

10 marc

Iarr 4

(x) 
$$\frac{47 \cdot 3 - 8 \cdot 9}{3 \cdot 25 \times 1 \cdot 47} = \frac{38 \cdot 4}{4 \cdot 775} = 8 \cdot 037676609 = \mathbf{8 \cdot 04}.$$

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

*Botúin (-3)*

B1 Earráid(i) ó thaobh tosaíochta. (Aon uair amháin)

B2 
$$\frac{4 \cdot 775}{38 \cdot 4} = 0 \cdot 124414062$$

B3 Léirítear gur úsáideadh oibreoir mícheart nó oibreoirí míchearta. (Aon uair amháin)

B4 Aon chéim a bheith fágtha ar lár e.g.  $\frac{38 \cdot 4}{4 \cdot 775}$  agus stopann.

B5 Aon slánú mícheart laistigh den oibriú. (Aon uair amháin).

B6 Slánú mícheart nó gan aon slánú.

*Sciorrháí (-1)*

S1 Earráidí uimhriúla.

*Míléamha (-1)*

M1 Míléamh soiléir sofheicthe nach mbaineann leis an bpointe deachúlach.

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1 Obair i mbun an freagra a mheasúnú.

A2 Slánú ceart, go dtí dhá ionad dheachúla, ar uimhir mhícheart.

*Gan fiúntas (0 marc)*

W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

## CEIST 2

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 (5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2)</b>
<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (10, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (4, 2, 2)</b>
<b>Cuid (c)</b>	<b>20 (10, 10) marc</b>	<b>Iarr (4, 4)</b>

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 (5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2)</b>
-----------------	-----------------------	--------------------

(a) (i) Athraigh 750 cm ina méadair.

(ii) Athraigh 2·56 kg ina ngraim.

<b>(a)</b>	<b>10 (5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2)</b>
(a) (i)	$750 \text{ cm} = \frac{750}{100} = 7 \cdot 5 = 7\cdot5 \text{ méadar.}$	

(ii)  $2\cdot56 \text{ kg} = 2\cdot56 \times 1000 = 2560 = 2560 \text{ gram.}$

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

### *Botúin (-3)*

B1 Fachtóir an athraithe mícheart

B2 Mí-úsáid fhachtóir an athraithe: e.g.  $750 \times 100 = 75000$

B3 Mí-úsáid fhachtóir an athraithe: e.g.  $\frac{2\cdot56}{1000} = 0\cdot00256..$

### *Sciorrthaí (-1)*

S1 Aonaid mhíchearta e.g. 7·5 cm.

S2 Earráidí uimhriúla.

S3 An freagra tugtha mar  $7m\ 50cm$ .

### *Iarrachtaí (2 mharc)*

A1  $750 \times 2\cdot56 = 1920$

### *Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

Cuid (b)

20 (10, 5, 5) marc

Iarr (4, 2, 2)

(b) Is iad seo a leanas na táillí a bhaineann le bille teileafóin Héilin gach mí:

Táille sheasta: €10

Táillí glaonna:

An Chéad 40 nóiméad: 25 cent an nóiméad

Nóiméid sa bhrefis: 15 cent an nóiméad

Teachtaireachtaí téacs: 12 cent an ceann

I mí an Mhárta, chaith Héilin 60 nóiméad ar ghlaonna agus chuir sí 30 teachtaireacht téacs amach.

(i) Ríomh an táille iomlán ar a cuid glaonna teileafóin uile.

(ii) Ríomh an táille ar a cuid teachtaireachtaí téacs.

(iii) Ríomh bille Héilin, tar éis CBL ar 21% a shuimiú leis na táillí uile thusa.  
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an cent is gaire. .

(b)(i)

10 marc

Iarr 4

(b)(i)  $60 = 40 + 20 \Rightarrow 40 \times 25 + 20 \times 15 = 1000 + 300 = €13$

\* Glac leis an bhfreagra ceart gan aon obair a bheith déanta.

*Botúin (-3)*

B1  $40 \times 25 + 20 \times 15$  agus stopann.

B2 Aon earráid(i) agus  $40 \times 25 + 20 \times 15$  á ríomh. (suas go huasmhéid -3)

B3 Briseadh suas mícheart na 60 nóiméad. e.g.  $60 = 40 + 30$

*Sciorrthaí (-1)*

S1 Earráid dheachúil.

S2 Earráidí uimhriúla.

S3 Táille sheasta a bheith curtha leis.

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1 60 nóiméad d'am na nglaonna gan a bheith briste ina 40 nóiméad agus ina nóiméid bhreise.

A2  $40 \times 25 = 1000$  agus stopann.

A3  $20 \times 15 = 300$  agus stopann.

A4  $60 = 40 + 20$  agus stopann.

A5 Úsáid áirithe a bheith bainte as sonraí a tugadh.

(b)(ii)

5 mharc

Iarr 2

(b)(ii)  $30 \times 12 = 360 = €3.60$

\* Glac leis an bhfreagra ceart gan aon obair a bheith déanta.

*Botúin (-3)*

B1 Iolraitheoir mícheart.

*Sciorrthaí (-1)*

S1 Earráid dheachúil.

S2 Earráidí uimhriúla.

S3 Táille sheasta a bheith curtha leis, ach amháin má ghearrtar pionós S3 i gCuid(i).

*Iarrachtaí (2 mharc)*

A1 Úsáid áirithe a bheith bainte as na sonraí a tugadh.

(b)(iii)	5 mharc	Iarr 2
(b)(iii) $10 + 13 + 3 \cdot 60 = 26 \cdot 6$ : CBL = $\frac{26 \cdot 6}{100} \times 21 = 5 \cdot 586 \Rightarrow$ Bille = $26 \cdot 6 + 5 \cdot 586 = €32 \cdot 186 = €32 \cdot 19$ nó Bille le CBL = $\frac{26 \cdot 6}{100} \times 121 = 32 \cdot 186 = €32 \cdot 19$		

- \* Glac leis an bhfreagra ceart gan aon obair a bheith déanta.
- \* Bain úsáid as freagraí an Iarrthóra ó chodanna roimhe seo.

*Botúin (-3)*

- B1 Earráid(i) i dtaca le  $\frac{26 \cdot 6}{100} \times 21$  a shuíomh [Ní mór na trí mhír ar fad a bheith ann – mura bhfuil, Iarracht amháin ]
- B2 Earráid(i) i dtaca le  $\frac{26 \cdot 6}{100} \times 121$  a shuíomh [Ní mór na trí mhír ar fad a bheith ann – mura bhfuil, Iarracht amháin ]
- B3 Mír den bhille fágtha ar láir.
- B4 Ríomhann CBL mar 21% ach cliseann air/uirthi é a shuimiú leis an mbille iomlán.

*Sciorrháí (-1)*

- S1 Earráidí uimhriúla.
- S2 Slánú mícheart nó gan aon slánú go dtí an cent is gaire.

*Iarrachtaí (2 mharc)*

- A1  $10 + 13 + 3 \cdot 60 = 26 \cdot 6$  amháin.

Cuid (c)	20 (10, 10) marc	Iarr (4, 4)
----------	------------------	-------------

- (c) Tuilleann Seán €11 in aghaidh na huairé agus oibríonn sé ar feadh 40 uair an chloig gach seachtain. Is é 20% a ráta cánach agus tá €50 sa tseachtain de chreidmheasanna cánach aige.
- (i) Ríomh an cháin a bheidh le híoc ag Seán.
- (ii) Íocann Seán ÁSPC freisin ar 4% dá thuarastal seachtaine comhlán. Ríomh pá glan seachtainiúil Sheáin.

(c)(i)	10 marc	Iarr 4
(c)(i)	Pá comhlán seachtainiúil $= 11 \times 40 = €440$ . $€440 \times 0.2 = 88 \Rightarrow$ Cáin Iníoctha $= 88 - 50 = €38$	

- \* Glac leis an bhfreagra ceart gan aon obair a bheith déanta.
- \* Glac le freagra an Iarrthóra le haghaidh ollphá le linn cáin a ríomh.

### *Botúin (-3)*

- B1 Earráid i dtaca le % a ríomh e.g.  $440 \times 1.20$ .
- B2 Suimíonn creidmheas cánach leis an gcáin chomhlán. (138).
- B3 €402 tugtha mar cháin iníoctha nó mar phá glan.

### *Sciorrthaí (-1)*

- S1 Earráid dheachúil.
- S2 Earráidí uimhriúla.

### *Iarrachtaí (4 mharc)*

- A1 Aon mhíláimhseáil an Chreidmheasa Cánach, nó aon neamhshuim uirthi, seachas B2.
- A2 Iarracht éigin ar % a fháil.

### *Gan Fiúntas (0 marc)*

- W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

(c)(ii)

10 marc

Iarr 4

(c)(ii)  $\text{ASPC: } 440 \times 0.04 = 17.6 : \text{Glanphá: } 440 - 38 - 17.6 = \text{€384.4}$

- \* Glac le freagra ceart gan aon obair a bheith déanta
- \* Glac le freagra an Iarrthóra ó (i).

*Botúin (-3)*

B1 Earráid i dtaca le % a ríomh e.g. €440  $\times 0.4$ .

B2 Earráid(i) i dtaca le  $\frac{440}{100} \times 4$  a shuíomh [Ní mór na trí mhír ar fad a bheith ann – mura bhfuil, Iarracht amháin]

B3 Ríomhann 4% den cháin chomhlán nó den cháin iníoctha nó de phá tar éis cánach.

B4 Úsáideann Pá Comhlán mícheart.

B5 Úsáideann Cáin seachas sin a ríomhadh in (c)(i) thusa.

B6 Suimíonn an Cháin.

B7 Úsáideann méid an ÁSPC seachas sin a ríomhadh.

B8 Suimíonn an méid ÁSPC.

B9 An dealú gan a bheith críochnaithe.

*Sciorrthaí (-1)*

S1 Slánú mícheart ar an bhfreagra.

S2 Earráidí uimhriúla.

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1 Úsáid áirithe a bheith bainte as 100.

A2 Uimhir bhréagach éigin a bheith dealaithe ón bPá Comhlán

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

### CEIST 3

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 (5, 5) marc</b>	<b>Iarr(2, 2)</b>
<b>Cuid (b)</b>	<b>20 marc</b>	<b>Iarr 8</b>
<b>Cuid (c)</b>	<b>20 marc</b>	<b>Iarr 8</b>

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 (5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2)</b>
-----------------	-----------------------	--------------------

(a) Ba é €600 000 an meastachán ar na costais a bhain le halla pobail a thógáil. Ba é €750,000 an fíorchostas.
(i) Faigh an earráid sa mheastachán.
(ii) Faigh an earráid chéatadánach.

<b>(a)</b>	<b>5 marc</b>	<b>Iarr 2</b>
<b>(i)</b>	<b>Earráid = <math>750\ 000 - 600\ 000 = €150,000</math>.</b>	

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

*Botúin (-3)*

B1  $750\ 000 - 600\ 000$  agus stopann.

*Sciorrthaí (-1)*

S1 Earráidí uimhriúla.

*Iarrachaí (4 mharc)*

A1 Úsáid áirithe a bheith bainte as na sonraí a tugadh; e.g.  $600\ 000 \times 750\ 000$ .

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

<b>(a)</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>
<b>(ii)</b>	<b>Earráid chéatadánach = <math>\frac{150\ 000}{750\ 000} \times 100 = 20 = 20\%</math></b>	

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

*Botúin (-3)*

B1 Earráid(i) i dtaca le  $\frac{150\ 000}{750\ 000} \times 100$  a shuíomh [Ní mór na trí mhír ar fad a bheith ann – mura bhfuil, Iarracht amháin].

B2 Freagra atá mícheart nó neamhionnlán nó gan aon fhreagra tugtha [Úsáid freagra an Iarrthóra ó Chuid (a) (i)].

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

Cuid (b)

20 (10, 5, 5) marc

Iarr (4, 2, 2)

- (b) Déantar €4000 a infheistiú ar feadh trí bliana ar ráta 2.5% sa bhliain ús iolraithe..  
Faigh luach na hinfheistíochta ag deireadh na dtrí bliana, agus é ceart go dtí an cent is gaire.

(b) Ionadú isteach san fhoirmle

10 marc

Iarr 4

Lúibín a shimpliú

5 mharc

Iarr 2

Críoch

5 mharc

Iarr 2

$$(b) A = 4000 \left(1 + \frac{2 \cdot 5}{100}\right)^3 = 4000(1 \cdot 025)^3 = 4000(1 \cdot 076890625) = 4307 \cdot 5625 = \mathbf{\text{€4307.56}}$$

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

\*  $A = 4000 \left(1 + \frac{2 \cdot 5}{100}\right)^3 \Rightarrow 10 \text{ marc.}$

\*  $A = 4000(1 \cdot 025)^3 \Rightarrow 15 \text{ mharc.}$

\*  $A = \mathbf{\text{€4307.56}} \Rightarrow 20 \text{ marc}$

\*  $A = 4000 \left(1 + \frac{2 \cdot 5}{100}\right)^3 = \text{freagra mícheart, gan aon obair eile} \Rightarrow 14 \text{ mharc. } (10 + 2 + 2)$

Ionadú isteach san fhoirmle

10 marc

Iarr 4

Botúin (-3)

B1 Earráid san fhoirmle mar a scríobh an tIarrthóir í nó foirmle mhícheart, e.g. dímheas

B2 Earráid i dtaca le hionadú isteach san fhoirmle, aon uair amháin.

Iarrachtaí (4 mharc)

A1  $4000 / 2.5$  nó  $4000 / 2.5 = 1600$

A2  $(4000)(2.5)$  nó  $(4000)(2.5) = 10000.$

A3  $4000 / 0.025 = 160000.$

Lúibín a shimpliú

5 mharc

Iarr 2

B1  $A = 4000 \left(1 + \frac{2 \cdot 5}{100}\right)^3 \neq 4000(1 \cdot 025)^3.$

Críoch

5 mharc

Iarr 2

\* Úsáid freagra an Iarrthóra ar shimpliú  $A = 4000 \left(1 + \frac{2 \cdot 5}{100}\right)^3$

B1  $(1 \cdot 025)^3 = (1 \cdot 025) \times 3 = 3 \cdot 075$  or  $(1 \cdot 025)^3 = (1 \cdot 025)/3 = 0 \cdot 341666....$

B2  $\frac{4000}{(1 \cdot 025)^3} = 3714 \cdot 399... \text{ nó } \frac{4000}{(0 \cdot 975)^3} = 4315 \cdot 651...$

B3  $4000 \times (0 \cdot 975)^3 = 3707 \cdot 4375$

Sciorrháí (-1)

S1 Slánú mícheart go dtí an cent is gaire nó é a bheith fágtha ar lár.

S2 Earráid uimhriúil

Míléamha (-1)

M1  $(1 \cdot 025)^n$ ,  $n = 2$  nó  $n > 4$  a úsáid san fhoirmle

Gan Fiúntas (0 marc)

W1 Freagra mícheart gan aon obair ar taispeáint, seachas na cinn sin atá sa scéim.

**NÓ**

<b>(b) Méid bhliain 1</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 4</b>
<b>Méid bhliain 2</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>
<b>Méid bhliain 3</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>

**(b)** Méid ag deireadh bhliain 1:  $4000 \times 1.025 = 4100$

$$\text{Méid ag deireadh bhliain 2: } 4100 \times 1.025 = 4202.5$$

$$\text{Méid ag deireadh bhliain 3: } 4202.5 \times 1.025 = 4307.5625 = €4307.56.$$

**NÓ**

$$\text{Ús Iolraithe Bhliain 1: } 4000 \times \frac{2.5}{100} = 100 \Rightarrow \text{Príomhshuim Bhliain 2} = 4100$$

$$\text{Ús Iolraithe Bhliain 2: } 4100 \times \frac{2.5}{100} = 102.5 \Rightarrow \text{Príomhshuim Bhliain 3} = 4202.5$$

$$\text{Ús Iolraithe Bhliain 3: } 4202.5 \times \frac{2.5}{100} = 105.0625 \Rightarrow \text{Príomhshuim Bhliain 4} = 4307.56(25)$$

$$\Rightarrow \text{Méid} = 4307.56(25)$$

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

\* Méid bhliain 1 = 4100  $\Rightarrow$  10 marc

\* Méid bhliain 2 = 4202.5  $\Rightarrow$  15 mharc

\* Méid bhliain 3 = 4307.56(25)  $\Rightarrow$  20 marc

\* Ús Simplí amháin a úsáid chun 300 a fháil  $\Rightarrow$  8 marc (4 +2 +2) a thabhairt fara obair nó cheal oibre.

**Méid ag deireadh bhliain 1**

**10 marc**

**Iarr 4**

*Botúin (-3)*

B1  $4000 \times 1.25 = 5000$ .

B2 Earráid(i) i dtaca le  $4000 \times \frac{2.5}{100}$  [Ní mór na trí mhír ar fad a bheith ann. Mura bhfuil, Iarracht amháin]

B3 Stopann ag an ús agus cliseann air/uirthi an méid a fháil.

B4 Dealáonn an t-ús chun an méid a fháil..

*Sciorrthaí (-1)*

S1 Earráidí uimhriúla.

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1 Úsáid áirithe a bheith bainte as 100 mar iarracht ar chéatadán a fháil.

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

**Méid ag deireadh bhliain 2****5 mharc****Iarr 2**

- \* Úsáid freagra an iarrthóra don mhéid ag deireadh bhliain 1

*Botúin (-3)*

- B1 Earráid(i) i dtaca leis an gcéatadán a ríomh.  
B2 Úsáideann príomhshuim seachas mar a ríomhadh thuas.  
B3 Stopann ag an ús agus cliseann air/uirthi an méid a fháil  
B4 Dealáonn an t-ús chun an méid a fháil. Ná gearr pionós i gcás B4 thuas i mBliain 1.

*Sciorrháí (-1)*

- S1 Earráidí uimhriúla.  
S2 Slánú mícheart nó é a bheith fágtha ar lár.

*Gan Fiúntas (0 marc)*

- W1 Gan aon iarracht ar ús iolraighe a fháil.  
W2 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

**Méid ag deireadh bhliain 3****5 mharc****Iarr 2**

- \* Úsáid freagra an Iarrthóra don mhéid ag deireadh Bhliain 2.

*Botúin (-3)*

- B1 Earráid(i) i dtaca le céatadán a ríomh.  
B2 Úsáideann príomhshuim seachas sin a ríomhadh thuas.  
B3 Stopann ag an ús agus cliseann air/uirthi an méid a fháil  
B4 Dealáonn an t-ús chun an méid a fháil. Ná gearr pionós i gcás B4 thuas i mBliain 1 nó i mBliain 2..

*Sciorrháí (-1)*

- S1 Earráidí uimhriúla.  
S2 Gan ach an t-ús iolraighe ionlán a bheith tugtha [307·56]  
S3 Slánú mícheart nó é a bheith fágtha ar lár.

*Gan fiúntas (0 marc)*

- W1 Gan aon Iarracht ar ús iolraighe a fháil.  
W2 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

Cuid (c)

15 (5, 10) marc

Iarr (2, 4)

- (c) Tagann dímheas ar ríomhaire ar ráta 20% sa bhliain. .  
Ag deireadh na chéad bhliana is fiú €656 an luach atá ar an ríomhaire.  
(i) Faigh luach an ríomhaire nuair ba cheann nua é.  
(ii) Cad é an luach a bheidh ar an ríomhaire ag deireadh an tríú bliain? Bíodh do fhreagra ceart go dtí an euro is gaire.

(c)(i)

5 mharc

Iarr 2

(c)(i)

$$P = \frac{656}{\left(1 - \frac{20}{100}\right)} = \frac{656}{0.8} = €820 \text{ nó } 656 = P\left(1 - \frac{20}{100}\right) \Rightarrow 656 = P(0.8) \Rightarrow P = €820$$
$$\text{nó } \frac{4}{5} = 656 \Rightarrow \frac{1}{5} = 164 \Rightarrow \frac{5}{5} = €820 \quad \text{nó} \quad 80\% = €656$$
$$\Rightarrow 1\% = €8.20$$
$$\Rightarrow 100\% = €820$$

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

*Botúin (-3)*

B1 Earráid san fhoirmle mar a scríobh an tIarrthóir é, sin nó foirmle mhícheart e.g. Ús Iolraithe.

B2 Earráid i dtaca le hionadú isteach san fhoirmle, aon uair amháin.

B3 Earráid sa trasuíomh.

B4  $P = \frac{656}{\left(1 - \frac{20}{100}\right)} \neq \frac{656}{0.8}$

*Sciorrthaí (-1)*

S1 Earráid uimhriúil

*Iarrachtaí (2 mharc)*

A1  $656/20$  nó  $656/20 = 32.8$

A2  $(656)(20)$  or  $(656)(20) = 13120$  nó  $656/0.2 = 3280$ .

A3  $656 \times \frac{20}{100} = 131.20$  lena dtugtar iomlán €787.20

A4 €787.20 gan aon obair nó 524.80 gan aon obair.

*Gan fiúntas (0 marc)*

W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

**(c)(ii) (modh na foirmle)**

**10 marc**

**Iarr 4**

$(c)(ii) \quad A = 820 \left(1 - \frac{20}{100}\right)^3 = 820(0.8)^3 = 419.84 = €420 \text{ nó } A = 820 \left(\frac{4}{5}\right)^3$ $A = 656 \left(1 - \frac{20}{100}\right)^2 = 656(0.8)^2 = 419.84 = €420 \text{ nó } A = 656 \left(\frac{4}{5}\right)^2$
---

\* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.

\* Glac le freagra an Iarrthóra ó Chuid (i).

*Botúin (-3)*

B1 Earráid san fhoirmle mar a scríobh an tIarrthóir é, sin nó foirmle mhícheart e.g. Ús Iolraithe.

B2 Earráid i dtaca le hionadú isteach san fhoirmle, aon uair amháin.

B3 An líon mícheart blianta don túsmhéid a roghnaigh an mac léinn.

B4  $A = 820 \left(1 - \frac{20}{100}\right)^3 \neq 820(0.8)^3$ .

B5  $(820)(1.2)^3 = 1416.96$

B6  $\frac{820}{(0.8)^3} = 1601.5625 \text{ nó } \frac{820}{(1.2)^3} = 474.537$

B7 Baineann na botúin thusa le 656 nuair a ghlactar mar thúsmailléid é.

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1  $\frac{820}{20} \text{ nó } \frac{820}{20} = 41$

A2  $(820)(20) \text{ nó } (820)(20) = 16400 \text{ nó } \frac{820}{0.2} = 4100$ .

A3 Baineann na h-iarrachtaí thusa le 656 nuair a ghlactar mar thúsmailléid é.

*Sciorrháí (-1)*

S1 Slánú mícheart go dtí an euro is gaire nó é a bheith fágtha ar láir.

S2 Earráidí uimhriúla.

*Míléamha (-1)*

M1  $(0.8)^n$ ,  $n \geq 4$  a úsáid san fhoirmle.

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

## NÓ

(c)(ii) (modh bliain ar bhliain)	10 marc	Iarr 4
(c) Luach ag deireadh bhliain1: $820 \times 0.8 = 656$ Luach ag deireadh bhliain2: $656 \times 0.8 = 524.8$ Luach ag deireadh bhliain3: $524.8 \times 0.8 = 419.84 = €420$ nó Dímheas ag deireadh bhliain 2: $656 \times \frac{20}{100} = 131.20 \Rightarrow$ Luach 2 = $524.8$ Dímheas ag deireadh bhliain 3: $524.8 \times \frac{20}{100} = 104.96 \Rightarrow$ Luach 3 = $419.84$ $\Rightarrow$ luach deiridh = <b>€420</b> .		

- \* Glac le freagra ceart nach bhfuil aon obair leis.
- \* Ús Simplí amháin a úsáid chun 492 a fháil  $\Rightarrow$  4 marc a thabhairt fara obair nó cheal oibre.

*Botúin (-3)*

- B1  $(820) 0.08 = 65.6$
- B2 Earráid(i) i dtaca le  $(820)(20)/100$  [Ní mór na trí mhír go léir a bheith ann – mura bhfuil, iarracht agus sin uile].
- B3 Stopann ag an dímheas agus cliseann air/uirthi an luach a fháil. (Gach uair)
- B4 Suimíonn an dímheas chun an luach a fháil. (Aon uair amháin)
- B5 Earráid(i) i dtaca le céatadán a ríomh.
- B6 Úsáideann luach seachas sin a ríomhadh thuas.
- B7 Gach céim ar iarraidh ón túsmhéid a roghnaigh an tIarrthóir.

*Sciorrthaí (-1)*

- S1 Earráidí uimhriúla.
- S2 Slánú mícheart go dtí an euro is gaire nó gan aon slánú.

*Iarrachtaí ( 4 mharc)*

- A1 Úsáid áirithe a bheith bainte as 100 san iarracht ar chéatadán a fháil.

*Gan Fiúntas (0 marc)*

- W1 Freagra mícheart agus gan aon obair léirithe, seachas na cinn sin atá sa scéim.

## CEIST 4

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 4</b>
<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (15, 5) marc</b>	<b>Iarr (6, 2)</b>
<b>Cuid (c)</b>	<b>20 (10, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (4, 2, 2)</b>

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 4</b>
-----------------	----------------	---------------

(a)	Réitigh le haghaidh $x$ $5x - 2 = 3x + 14$
-----	---

(a)	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 4</b>
(a) $5x - 2 - 3x = 14 \Rightarrow 2x - 2 = 14 \Rightarrow 2x = 14 + 2 \Rightarrow 2x = 16 \Rightarrow x = 8.$		

\* Tabhair lánmharcanna ar fhreagra ceart le T + E fara fiorú.

### *Botúin (-3)*

- B1 Botúin i dtaca le téarmaí a ghrúpáil e.g.  $5x - 2 = 3x$ . (Gach uair).
- B2 Earráid(i) sa trasúiomh. (Aon uair amháin).
- B3 Gach céim fágtha ar láir. e.g.  $2x = 16$  agus stopann.
- B4  $x = 8$  gan aon obair.

### *Sciorrháí(-1)*

- S1 Earráidí uimhriúla.

### *Iarrachtaí (4 mharc)*

- A1 Obair áirithe atá ceart.
- A2 Iarracht ar T+E le hionadú.

### *Gan Fiúntas (0 marc)*

- W1 Freagra mícheart gan aon obair.

(b) Réitigh na comhchothromóidí comhuaineacha

$$\begin{aligned}3x - 4y &= 8 \\x + 2y &= 16.\end{aligned}$$

An chéad athróg a fuarthas

An dara hathróg

15 mharc

5 mharc

Iarr 6

Iarr 2

(b)	$\begin{array}{rcl}3x - 4y &= 8 \\x + 2y &= 16 \\ \hline 3x - 4y &= 8 \\2x + 4y &= 32 \\ \hline 5x &= 40 \\x &= 8\end{array}$	$\begin{array}{l}8 + 2y = 16 \\2y = 8 \\y = 4\end{array}$
-----	---	---

\*  $x$  roghnaithe go randamach,  $y$  ríofa (nó *vice-versa*) – tabhair 5 mharc (dara hathróg faigte).

\* Luachanna cearta a ionadú sa dá chothromóid agus fíorú a léiriú – Tabhair 15 + 5 mharc.

*Botúin(-3)*

- B1 Earráid(i) i dtaca leis an gcéad chothromóid i dtéarmaí  $x$  amháin [ $5x = 40$ ] nó leis an gcéad chothromóid i dtéarmaí  $y$  amháin [ $-10y = -40$ ].
- B2 Botún san ionadú e.g. luach  $y$  do  $x$ .
- B3 Earráid(i) sa trasúiomh.(Aon uair amháin).

*Iarrachtaí –An chéad athróg - (6 mharc).*

- A1 Iarracht ar chomhéifeachtaí de chuid  $x$  nó  $y$  a chothromú.
- A2 Iarracht ar athróg amháin a chealú nó ar athróga a chónascadh
- A3 Iarracht ar  $x$  a scriobh i dtéarmaí  $y$  (nó *vice-versa*).

*Iarrachtaí - An dara hathróg - (2 mharc).*

- A4 Iarracht ar an gcéad athróg a ionadú.
- A5 Iarracht ar an dara hathróg a chealú nó an dara hiarracht ar athróga a chónascadh

*Iarrachtaí (6+2 marc).*

- A6 Iarracht ar réiteach a fháil le T + E.
- A7 Freagraí cearta agus gan aon obair léirithe.
- A8 Aon obair cheart, fiú i gcomhthéacs cur chuige nach bhfuil aon tairbhe ann (Iarr 6 nó Iarr 6 + Iarr 2).

*Gan Fiúntas (0 marc)*

- W1 Freagra(i) ceart(a), ach aon obair léirithe.

Cuid (c)

20 (10, 5, 5) marc

Iarr (4, 2, 2)

- (c) Cheannaigh Ailéin, Barra agus Colm ticéad an duine do cheolchoirm. D'íoc Barra €5 níos mó ná Ailéin as a thicéad. D'íoc Colm dhá oiread an mhéid a d'íoc Barra. Chosain ticéid Ailéin €  $x$ .
- (i) Scríobh slonn in  $x$  don phraghas a d'íoc Barra.
- (ii) Scríobh slonn in  $x$  don phraghas a d'íoc Colm.
- (iii) Agus tú ag glacadh leis gurb é €95 an t-ionlán a d'íoc an triúr cairde cé mhéad a d'íoc Ailéin?

(c) (i)

10 marc

Iarr 4

(c) (i)

$$x + 5$$

*Botúin (-3)*

B1  $x - 5$ .

B2  $5x$ .

*Iarrachtaí (4 mharc)*

A1 Cuireann luach uimhriúil ar  $x$  a úsáidtear ansin chun luach uimhriúil a fháil ar chostas Bharra.

A2 Úsáid áirithe a bheith bainte as na sonraí a tugadh e.g.  $\frac{x}{5}$ ,  $\frac{5}{x}$ ,  $5 - x$

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Gan aon úsáid a bhaint as  $x$  ná 5.

W2  $x = 5$  agus stopann.

(c) (ii)

5 mharc

Iarr 2

(c) (ii)  $2(x + 5)$  nó  $2x + 10$

\* Glac le freagra an iarrthóra ó (i).

*Botúin (-3)*

B1  $x + 10$

B2  $2x + 5$

*Iarrachtaí (2 mharc)*

A1  $2x - 5$

A2  $x - 10$

A3  $x^2$

*Gan Fiúntas (0 marc)*

W1 Gan aon úsáid a bheith bainte as 2 agus/nó 10

(c) (iii)	5 mharc	Iarr 2
(c) (iii) $x + (x + 5) + (2x + 10) = 95 \Rightarrow 4x + 15 = 95 \Rightarrow 4x = 80 \Rightarrow x = 20.$		

- \* Glac le freagra an iarrthóra ó (i) **agus** (ii).
- \*  $4x + 15$  nó  $4x + 15 = 95$  mar obair thosaigh, féadann sé marcanna a thuilleamh le haghaidh chodanna (i) **agus** (ii).

*Botúin (-3)*

- B1 Cothromóid atá cruthaithe ar dhóigh mhícheart.
- B2 Botúin i dtaca le téarmaí a ghrúpáil e.g.  $4x + 15 = 19x$ . (Gach uair).
- B3 Earráid(i) sa trasúiomh (Aon uair amháin).
- B4 Gach aon chéim fágtha ar lár..
- B5  $x = 20$  gan aon obair.

*Sciorrháí(-1)*

- S1 Earráidí uimhriúla.

*Iarrachtaí (2 mharc)*

- A1 Obair áirithe atá ceart.
- A2 Iarracht ar T+E le hionadú.
- A3 Gan aon chothromóid a bheith cruthaithe.

*Gan Fiúntas (0 marc)*

- W1 An freagra mícheart gan aon obair.

## CEIST 5

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 (5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, -)</b>
<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (10, 10) marc</b>	<b>Iarr (4, 4)</b>
<b>Cuid (c)</b>	<b>20 (10, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (4, 2, 2)</b>

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 (5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, -)</b>
(a) (i)	Liostaigh na chéad chúig iolraí de 3 agus Liostaigh na chéad chúig iolraí de 4.	
(ii)	Uaidh sin nó ar shlí eile, scríobh síos an comhíolraí is lú de 3 agus de 4.	

<b>(i)</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>
<b>(ii)</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Aimsiú/Iomrall</b>
(i)	3, 6, 9, 12, 15. 4, 8, 12, 16, 20.	
(ii)	12	

### **Cuid (a)(i)**

*Sciorrthaí (-1)*

